2026/2133

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2133 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meán Fómhair 2026

lena bhforchuirtear beart coimirce sealadach maidir le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 ([1]), agus go háirithe Airteagail 5 agus 7 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 ([2]), agus go háirithe Airteagail 3 agus 4 de,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([3]), agus go háirithe Airteagal 113(3), an dara mír, de

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Choimircí arna bhunú faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. CÚLRA

(1) An 27 Márta 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú coimirce a bhaineann le hallmhairí (1) táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus (2) lannáin agus croíleacáin chruach, bídís cruachta nó tochraiste nó ná bídís ([4]).

(2) Tionscnaíodh an t-imscrúdú tar éis iarraidh a fháil ó thrí Bhallstát (an Ghearmáin, an Fhrainc agus an Pholainn), a cuireadh isteach an 2 Márta 2026. Léiríodh san anailís ar an iarraidh go bhfuil an treocht atá ag dul i méid maidir le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach agus na dálaí ina dtarlaíonn siad ina gcúis le mórdhíobháil do thionscal an Aontais nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le mórdhíobháil.

(3) Chun an fhaisnéis is gá a fháil chun measúnú domhain a dhéanamh, d'fhoilsigh an Coimisiún ceistneoirí le haghaidh táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí an táirge faoi imscrúdú an 27 Márta 2026 agus d'iarr sé ar pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh laistigh de 21 lá. An dáta céanna, d'fhoilsigh an Coimisiún an leagan neamhrúnda den iarraidh ina raibh príomhstaitisticí allmhairiúcháin agus táscairí díobhála a bhí ar fáil.

(4) Fuair an Coimisiún 34 fhreagra ar an gceistneoir agus 65 aighneacht saor in aisce tar éis an tionscnaimh ó tháirgeoirí de chuid an Aontais, onnmhaireoirí, allmhaireoirí, úsáideoirí, comhlachais agus údaráis tríú tíortha, agus thionóil sé éisteachtaí le 30 pháirtí leasmhara.

(5) Rinne an Coimisiún fíorú críochnúil ar an bhfaisnéis a sholáthair táirgeoirí de chuid an Aontais le haghaidh an réamhchinnidh. Chuige sin, fíoraíodh ar an láthair freagraí ar an gceistneoir a chuir an dá tháirgeoir aitheanta táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid an Aontais atá ann cheana isteach, atá suite sa Ghearmáin agus sa Pholainn. Áiríodh leis na fíoruithe sonraí fhochuideachtaí na dtáirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, atá suite sa Fhrainc agus i bPoblacht na Seice. Tá 100 % de tháirgeadh iomlán táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais i gceist le haschur iomlán táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an dá tháirgeoir agus a bhfochuideachtaí. Fíoraíodh ar an láthair freisin freagraí ar an gceistneoir ón dá phríomhtháirgeoir lannán agus croíleacán cruach de chuid an Aontais, LTC agus Lagor, atá suite san Iodáil. Tugadh cuairt freisin ar áitreabh táirgeora claochladán san Ísiltír (SGB-Smit).

([1]) Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí, IO L 83, 27.3.2015, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/478/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe, IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/2017-05-19.

([3]) An Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch - Ionstraim Chríochnaitheach - Dearbhuithe Comhpháirteacha - Dearbhuithe ó Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail agus Stáit CSTE - Socruithe - Miontuairiscí Comhaontaithe - Dearbhuithe ó Pháirtí Conarthach amháin nó ó roinnt Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, IO L 1, 3.1.1994, lgh. 3–522, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

([4]) Fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú coimirce a bhaineann le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní (IO C, C/2026/1848, 27.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1848/oj).

2. AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS TÁIRGÍ COMHCHOSÚLA NÓ TÁIRGÍ ATÁ IN IOMAÍOCHT DHÍREACH

(6) Is é an táirge lena mbaineann mar a shainmhínítear san fhógra tionscnaimh (1) táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, agus (2) lannáin agus croíleacáin chruach, bídís cruachta nó tochraiste nó ná bídís, le haghaidh claochladán agus ionduchtóirí. Tagann táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní faoi chóid AC 7225 11 00 agus 7226 11 00 faoi láthair. Tagann lannáin agus croíleacáin chruach faoi chód AC 8504 90 13 faoi láthair.

(7) Chinn an Coimisiún go sealadach go bhfuil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach arna dtáirgeadh ag táirgeoirí de chuid an Aontais, dá ngairtear an 'táirge comhchosúil', cosúil leis an táirge lena mbaineann agus go bhfuil siad in iomaíocht dhíreach leis. Tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag na táirgí intíre agus allmhairithe araon. Freastalaíonn siad ar chuspóirí comhionanna agus tairgtear iad trí bhealaí díolacháin comhchosúla, nó comhionanna, do chustaiméirí a d'fhéadfadh iad a fháil ó sholáthróirí intíre agus eachtracha araon. Dá réir sin, tá leibhéal mór iomaíochta ann idir an táirge lena mbaineann agus an táirge a tháirgeann táirgeoirí de chuid an Aontais.

(8) Chinn an Coimisiún freisin sa réamhanailís go bhfuil idirghaol tábhachtach agus iomaíocht láidir idir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach. Is iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an príomhábhar ionchuir chun lannáin agus croíleacáin chruach a tháirgeadh. Gearrtar táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ina lannáin agus cruachtar iad ansin chun croíleacán a chruthú, a ionchorpraítear ina dhiaidh sin i gclaochladán. Fuarthas amach gur cheannaigh déantóirí claochladán an Aontais táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní nó lannáin agus croíleacáin chruach agus go raibh saoráidí próiseála acu a chuireann ar a gcumas dóibh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a scoilteadh ina lannáin agus iad a chruachadh ina gcroíleacáin. Nuair a cheannaíonn siad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, dhéanfaidís iad a phróiseáil ina lannáin agus croíleacáin ar a láithreáin táirgthe féin. Léiríonn an leibhéal comhtháthaithe sin go bhfuil roinnt solúbthachta ag na déantóirí claochladán ó thaobh an fhoinsithe de, agus gur féidir leo aistriú ó tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a cheannach go lannáin agus croíleacáin chruach a cheannach de réir staid an mhargaidh.

(9) Le sonraí a chuir táirgeoir táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní isteach, deimhníodh gur dhíol siad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní le dhá chatagóir custaiméirí, i.e. le déantóirí lannán agus croíleacán ar thaobh amháin agus le déantóirí claochladán ar an taobh eile. Deimhníodh an toradh sin trí na fíoruithe ar an láthair ar na freagraí ar an gceistneoir a cuireadh isteach. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur táirgí iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach a bhíonn in iomaíocht le chéile.

(10) Dá bhrí sin, diúltaíonn an Coimisiún do mhaímh roinnt páirtithe nach táirgí comhchosúla ná táirgí iomaitheora iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach toisc gur táirgí iad a claochlaíodh go bunúsach agus a bhfuil úsáid éagsúil agus saintréithe teicniúla éagsúla acu. I bhfianaise an ardleibhéil idirghaoil, an bhrú iomaíoch agus an aistrithe éasca ó chineál táirge amháin go cineál táirge eile, tá táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, lannáin agus croíleacáin go léir in iomaíocht dhíreach le chéile agus ba cheart iad a mheas mar an táirge lena mbaineann.

(11) Tar éis an tionscnaimh, mhaígh líon mór páirtithe leasmhara, lena n-áirítear táirgeoirí an Aontais agus roinnt táirgeoirí claochladán, gur cheart lannáin agus croíleacáin chruach a ionchorpraítear i gclaochladán a bheith mar chuid den táirge lena mbaineann agus, dá bhrí sin, gur cheart iad a bheith faoi réir beart, i gcás ina bhforchuirfeadh an Coimisiún bearta.

(12) D'aontaigh an Coimisiún leis sin. Cé gurb iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an táirge réamhtheachtach, tá lannáin agus croíleacáin chruach iartheachtach go díreach, agus is iad claochladáin an chéad táirge iartheachtach eile sa slabhra luacha. Ní athraíonn saintréithe bunúsacha fisiceacha, teicniúla ceimiceacha, is é sin leictreachas a tharchur go héifeachtúil, na dtáirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus na lannáin agus croíleacán cruach, nuair a ionchorpraítear iad mar chroíleacán i gclaochladán.

(13) Is ann do tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráid cháilíochta éagsúla, a thomhaistear i dtéarmaí 'caillteanais croíleacáin' i Vata/kg. Dá ísle an caillteanas croíleacáin, is ea is éifeachtúla a tharchuirtear leictreachas. Tá tionchar mór ag na gráid cháilíochta éagsúla ar phraghas.

(14) I bhfianaise táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a chatagóiriú i gceart, rinne an Coimisiún anailís chúramach ar fhreagraí ar an gceistneoir úsáideoirí agus aighneachtaí úsáideoirí. Rinne an Coimisiún táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a chatagóiriú go sealadach mar a leanas, ar bhonn chaillteanas na gcroíleacán i vata/kg, rud a nglactar leis go forleathan mar aonad tomhais: Grád ardleibhéil < 0,7 W/kg, grád meánleibhéil 0,7 W/kg go 0,9 W/kg, agus grád gnáthleibhéil > 0,9 W/kg.

3. TÁIRGEOIRÍ AN AONTAIS

(15) Is táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach iad táirgeoirí an Aontais ('tionscal an Aontais'). Is iad na táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ThyssenKrupp Electrical Steel GmbH, Gelsenkirchen, an Ghearmáin, ThyssenKrupp Electrical Steel UGO S.A.S., Isbergues, an Fhrainc (atá comhlachaithe le ThyssenKrupp Electrical Steel GmbH), Stalprodukt S.A., Bochnia, an Pholainn, GO Steel Frydek Mistek a.s., Frýdek-Místek, Poblacht na Seice (atá comhlachaithe le Stalprodukt S.A.).

(16) Chuaigh na táirgeoirí thuas i gcomhar leis an imscrúdú trí fhreagraí ar an gceistneoir a chomhdú. Fíoraíodh ThyssenKrupp Electrical Steel GmbH agus Stalprodukt S.A. ar an láthair. Cumhdaíodh sna fíoruithe freisin sonraí páirteacha a bhaineann leis na fochuideachtaí comhlachaithe.

(17) Tá thart ar ocht gcuideachta i dtáirgeoirí lannán agus croíleacán cruach an Aontais, agus tá a bhformhór suite san Iodáil. Chuir cúig cinn de na táirgeoirí sin freagra ar an gceistneoir isteach, agus fíoraíodh dhá cheann díobh ar an láthair. Suíodh go ndearna cuid de na táirgeoirí sin táirgeadh lannán agus croíleacán cruach a athshocrú go páirteach chuig tíortha lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear an Tuirc agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

(18) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nach cuid de thionscal an Aontais iad na táirgeoirí lannán agus croíleacán cruach, toisc go bpróiseálann siad táirgí allmhairithe áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus na táirgí sin de chuid an Aontais araon ina lannáin agus croíleacáin chruach. Dá bhrí sin, ba cheart caitheamh leo mar allmhaireoirí.

(19) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Déanann táirgeoirí lannán agus croíleacán cruach, ar thug na páirtithe atá á mhaíomh lárionaid seirbhísí orthu, an táirge lena mbaineann a thabhairt chun cinn trí tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a phróiseáil, gan beann ar cé acu de thionscnamh an Aontais nó de thionscnamh tríú tír iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, ina lannáin agus croíleacáin chruach ina n-áitreabh táirgthe san Aontas. Dá bhrí sin, is cuid de thionscal an Aontais iad na táirgeoirí lannán agus croíleacán cruach.

4. MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ

(20) Ar bhonn faisnéis ó Eurostat, chomh maith le faisnéis a chuir táirgeoirí an Aontais isteach, rinne an Coimisiún anailís ar an méadú ar allmhairí an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse 2021 go 2025 ('an tréimhse aoi bhreathnú').

(21) Ina mheasúnú ar an bhforbairt ar allmhairí, níor chuir an Coimisiún san áireamh na méideanna allmhairí ó thíortha áirithe ba cheart a eisiamh ó raon feidhme na mbeart sealadach, go háirithe: an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), tíortha de chuid CSTE, an Chéinia agus an Úcráin. Mar gheall ar dhlúth-chomhtháthú na margaí le comhaltaí LEE/CSTE, figiúirí foriomlána na n-allmhairí ó na tíortha sin, agus an riosca íseal maidir le sraonadh trádála, measann an Coimisiún gur cheart na táirgí faoi mheasúnú de thionscnamh na hIorua, na hÍoslainne agus Lichtinstéin a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Eisiatar allmhairí ón gCéinia ar bhonn an chomhaontaithe dhéthaobhaigh ([5]), ([6]), agus eisiatar an Úcráin ar bhonn fionraí an rialacháin coimirce ([7]), ([8]) . Níor tuairiscíodh aon allmhaire ón Íoslainn, ó Lichtinstéin ná ón gCéinia le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí 0,0009 % agus 0,0006 % faoi seach d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann i gceist leis na hallmhairí ón Iorua agus ón Úcráin.

(22) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais trí dhíolacháin thionscal an Aontais san Aontas a chur leis na hallmhairí isteach san Aontas. Fuarthas an fhaisnéis maidir le hallmhairí ó Eurostat. Suíodh an méid táirgeachta ar bhonn freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí an Aontais.

(23) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann:

Tábla 1

Méid na n-allmhairí, táirgeadh, tomhaltas agus allmhairí i gcoibhneas le táirgeadh agus tomhaltas

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach i dtonaí	135 140	180 871	181 761	223 580	297 079
innéacs 2021 = 100	*100*	*134*	*134*	*165*	*220*
Allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní i dtonaí	101 617	134 440	132 732	172 006	227 396
innéacs 2021 = 100	*100*	*132*	*131*	*169*	*224*

([5]) Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.

([6]) Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Céinia, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj.

([7]) Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, (IO L, 2025/1153, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj).

([8]) https://www.federalregister.gov/documents/2025/06/09/2025-10524/adjusting-imports-of-aluminum-and-steel-into-the-united-states.

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Allmhairí lannán agus croíleacán cruach i dtonaí	33 523	46 431	49 029	51 574	69 683
innéacs 2021 = 100	*100*	*139*	*146*	*154*	*208*
Táirgeadh i dtonaí	336 555	363 039	332 378	336 553	306 539
innéacs 2021 = 100	*100*	*108*	*99*	*100*	*91*
Allmhairí thar tháirgeadh (cóimheas)	0,40	0,50	0,55	0,66	0,97
innéacs 2021 = 100	*100*	*124*	*136*	*165*	*241*
Tomhaltas i dtonaí	397 698	450 172	435 769	480 947	525 088
innéacs 2021 = 100	*100*	*113*	*110*	*121*	*132*
Allmhairí thar thomhaltas (cóimheas)	0,34	0,40	0,42	0,46	0,57
innéacs 2021 = 100	*100*	*118*	*123*	*137*	*166*

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(24) Léirítear san anailís ar threochtaí allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann méadú 120 % ar mhéideanna allmhairí i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, méadú 141 % i gcomparáid le táirgeacht an Aontais, agus méadú 66 % i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(25) Tharla an chéad mhéadú mór 34 % ar allmhairí idir 2021 agus 2022. Bhí allmhairí ar leibhéal comhchosúil fós in 2023 agus tháinig méadú breise 23 % orthu in 2024 agus 33 % in 2025. In 2025, tá sciar 53 % d'iomlán na n-allmhairí ag allmhairí na Síne, agus ina dhiaidh sin tá an tSeapáin (20 %), an Tuirc (13 %) agus an Chóiré agus Aontas na nEimíríochtaí Arabacha (4 %). Tháinig méadú ar sciar allmhairí na Síne ó 20 % go 53 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig laghdú ar na sciartha allmhairí i gcás na Seapáine (25 % go 20 %), na Tuirce (16 % go 13 %), agus na Cóiré (9 % go 4 %) le linn na tréimhse céanna.



(26) Ba cheart measúnú a dhéanamh ar phraghsanna allmhairiúcháin de réir an chineáil táirge, agus ní mór an t-idirdhealú a dhéanamh idir praghas táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, praghas lannán agus praghas croíleacán. Tháinig méadú 78 % ar phraghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach le chéile idir 2021 agus 2023, thosaigh siad ag laghdú in 2024 agus in 2025 tháinig méadú 27 % orthu i gcomparáid le 2021. Ina theannta sin, ba cheart táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a idirdhealú de réir a ngráid. Níl praghsanna díola intíre táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ar fáil ach amháin ar leibhéal comhiomlánaithe agus ní in aghaidh grád éagsúil, ach tá praghsanna allmhairiúcháin ar fáil in aghaidh gráid.

(27) Ní féidir idirdhealú a dhéanamh idir praghsanna allmhairiúcháin le haghaidh lannán agus croíleacán toisc go bhfuil siad á n-allmhairiú faoin gcód AC céanna. Mar gheall ar fhaisnéis mhargaidh, áfach, is féidir teacht ar an gconclúid shealadach nach bhfuil sna hallmhairí ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha ach lannáin beagnach go hiomlán, agus gur cheart praghas allmhairiúcháin croíleacán a bheith ar mheán na n-allmhairí atá fágtha.

Tábla 2

Praghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach, táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus croíleacáin

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Praghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach (EUR/tona)	2 169	3 379	3 863	2 826	2 746
innéacs 2021 = 100	*100*	*156*	*178*	*130*	*127*
Praghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní (EUR/tona)	1 904	3 046	3 448	2 432	2 405
innéacs 2021 = 100	*100*	*160*	*181*	*128*	*126*
Praghsanna allmhairiúcháin Croíleacán (EUR/tona)	2 950	4 342	5 024	4 233	3 970
innéacs 2021 = 100	*100*	*147*	*170*	*144*	*135*

Foinse: EUROSTAT

(28) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, go bhfuil an táirge lena mbaineann á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar allmhairí, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. Tagann an chonclúid sin ó anailís chuimsitheach ar na sonraí thar thréimhse iomlán an imscrúdaithe agus tacaítear léi leis an anailís dhomhanda agus le hanailís ar an leibhéal imdhealaithe, in aghaidh na catagóire táirge. Deimhnítear leis na figiúirí sin go bhfuil an méadú ar allmhairí le déanaí tobann go leor, géar go leor, agus mór go leor i gcás an táirge lena mbaineann ar fud an domhain, rud a dheimhnítear ar leibhéal na catagóire táirgí.

5. FORBAIRTÍ GAN CHOINNE

(29) Tháinig an Coimisiún ar chonclúid shealadach go bhfuil an méadú mór ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach isteach san Aontas ina iarmhairt dhíreach ar fhorbairtí gan choinne, a chruthaíonn ní hamháin míchothromaíochtaí i dtrádáil idirnáisiúnta an táirge lena mbaineann ach a threisíonn iad freisin.

(30) Tá ró-acmhainneacht ina shaintréith den mhargadh cruach domhanda, lena n-áirítear earnáil táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, agus tá méadú mór tagtha ar an acmhainneacht dhomhanda le blianta beaga anuas. In 2024 cheana féin, bhí ró-acmhainneacht táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní 600 000 tona ag an tSín amháin (atá coibhéiseach le 20 % dá héileamh intíre iomlán), agus bhí 242 000 tona breise ag an India, ag an gCóiré agus ag an tSeapáin i dteannta a chéile. Tá an leibhéal sin d'acmhainneacht bhreise i gcodarsnacht mhór le tomhaltas an Aontais, is é sin 366 850 tona sa bhliain chéanna. Chuir sé go mór leis an méadú atá ag teacht ar mhéideanna allmhairí a thugtar faoi deara i margadh an Aontais.

(31) Nuair a bhíonn ró-acmhainneacht ar scála domhanda, táirgeann táirgeoirí cainníochtaí iomarcacha a bhféachann siad lena ndí-ualú nuair is féidir agus, más féidir, i margaí ina bhfuil leibhéil arda praghsanna. Tháinig margadh an Aontais, áit a raibh leibhéil arda praghsanna den sórt sin i réim, chun bheith ina cheann scríbe tarraingteach don rótháirgeadh sin.

(32) Tá an éifeacht thuas níos measa mar gheall ar chleachtais shriantacha trádála i margaí tríú tíortha. Le blianta beaga anuas, suíodh go raibh margaí móra eile á ndúnadh níos mó agus níos mó toisc go raibh beartais trádála agus ionstraimí cosanta trádála á n-úsáid níos mó agus níos mó ag go leor tíortha chun táirgeoirí intíre a chosaint. Ó thug na Stáit Aontaithe bearta Roinn 232 isteach in 2025, ([9]) (taraif 50 % ar tháirgí cruach, lena n-áirítear táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní), tá laghdú tagtha ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní isteach sna Stáit Aontaithe, rud a spreag sraonadh trádála agus a mhéadaigh allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar

([9]) https://www.federalregister.gov/documents/2025/06/09/2025-10524/adjusting-imports-of-aluminum-and-steel-into-the-united-states.

ghráinní isteach san Aontas. Ina theannta sin, tá margadh an Aontais fós tarraingteach mar gheall ar a mhéid, ós rud é go bhfuil sé i measc na margaí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní is mó ar fud an domhain. Is í an tSín amháin a bhfuil margadh intíre níos mó aici ná mar atá ag an Aontas. Mar sin féin, tá margadh na Síne faoi réir bearta frithdhumpála maidir le hallmhairí ón tSeapáin agus ón gCóiré ([10]) idir 37 % agus 46 %, rud a thug ar an tSeapáin agus ar an gCóiré roinnt onnmhairí a atreorú chuig an Aontas.

(33) Mhaígh roinnt páirtithe nár cheart an ró-acmhainneacht dhomhanda agus taraifí Roinn 232 na Stát Aontaithe, arna n-agairt ag an gCoimisiún, a mheas mar 'fhorbairtí gan choinne'. Dúirt siad freisin gur luadh ró-acmhainneacht dhomhanda cheana féin san athbhreithniú éaga frithdhumpála a tugadh chun críche in 2022, agus nár cheart, dá bhrí sin, an ghné sin a bheith gan choinne.

(34) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh. Is féidir le rannpháirtithe sa mhargadh coinne a bheith acu go réasúnta le méadú acmhainneachtaí ag a n-iomaitheoirí i gcomhréir le treochtaí sa mhargadh, amhail méadú ar thomhaltas. Mar a leagtar amach sa Rialachán seo, tugadh faoi deara fás den sórt sin ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá coinne le tuilleadh fáis go luath amach anseo, i bhfianaise, mar shampla, aistrithe fuinnimh agus an ghá mhéadaithigh atá le lárionaid sonraí. Mar sin féin, léiríonn an fhianaise ar taifead go bhfuil acmhainneachtaí forbartha ag an tSín cheana féin a sháraíonn go soiléir an méid a bhí an margadh in ann a ionsú. Cé gur tugadh roinnt ró-acmhainneachta faoi deara cheana féin tráth a rinneadh an t-athbhreithniú éaga frithdhumpála deireanach ([11]), ní chiallaíonn sé sin go bhféadfadh coinne a bheith leis an ró-acmhainneacht a d'fhorbair ina dhiaidh sin.

(35) Thairis sin, tá táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach faoi réir ráta CBL 13 % sa tSín. Mar sin féin, tá lacáiste CBL 13 % tugtha isteach ag an tSín is infheidhme maidir le honnmhairí lannán agus croíleacán cruach agus claochladán, ina bhfuil lannáin agus croíleacáin chruach ionchorpraithe, faoi bheartas cánach reatha na Síne. Níor tugadh isteach an lacáiste sin, áfach, maidir le honnmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní. Ciallaíonn sé sin go bhfuil dreasacht ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne lannáin agus croíleacáin chruach agus claochladáin a onnmhairiú. Tugann Rialtas na Síne lacáistí CBL den sórt sin isteach ar bhealach roghnaitheach chun onnmhairiú táirgí áirithe a chur chun cinn ó am go ham. Dá bhrí sin, ní raibh coinne ag rannpháirtithe sa mhargadh lasmuigh den tSín leis na bearta sin.

(36) I bhfianaise na n-imthosca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach amháin go bhfuil méadú mór ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní isteach san Aontas mar thoradh ar na forbairtí gan choinne, go háirithe an ró-acmhainneacht dhomhanda, bearta cosanta trádála tríú tíortha agus méaduithe foriomlána ar tharaifí, go háirithe sna Stáit Aontaithe, agus lacáistí CBL na Síne, ach go leanfaidh siad de bheith ag spreagadh an mhéadaithe sin freisin.

6. OIBLEAGÁIDÍ A RAIBH MÉADÚ AR ALLMHAIRÍ MAR THORADH ORTHU

(37) Tá roinnt línte taraife sa táirge lena mbaineann, agus maidir leis na línte taraife sin uile, mar thoradh ar lamháltais taraife a rinneadh i mbabhtaí caibidlíochta iltaobhacha trádála roimhe seo, tá na gealltanais taraife ([12]) seo a leanas ag an Aontas Eorpach:

Tábla 3

Rátaí dleachta

Líne tharaife	Ráta dleachta (gealltanas taraife)
7225 11 00	Saor in aisce
7226 11 00	Saor in aisce
8504 90 13	Saor in aisce

([10]) https://www.reuters.com/markets/commodities/china-extend-anti-dumping-duties-steel-product-japan-south-korea-eu-2022-07-22/#:~:text=Reuters%20Plus-,China%20to%20extend%20anti%2Ddumping%20duties%20on%20steel%20product%20from,during%20the%20year%2Dlong%20investigation.

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 10, 17.1.2022, lgh. 17–76, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/58/oj.

([12]) http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj.

(38) Tá na lamháltais sin inscríofa, tráth an chinnidh coimirce shealadaigh, i gCuid I, Roinn II de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá deimhnithe mar Sceideal AE CLXXIII – an tAontas Eorpach an 1 Nollaig 2016 ([13]), arna leasú.

(39) Mar thoradh ar na lamháltais sin atá inscríofa i Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le CGTT agus a ionchorpraítear de bhun Airteagal II:7 de CGTT 1994 agus mar thoradh ar chodanna eile de CGTT 1994, tá oibleagáidí tabhaithe ag an Aontas Eorpach faoi CGTT 1994, go háirithe mar a leanas: Airteagal XI:1, lena dtoirmisctear srianta neamhtharaife ar allmhairiú na dtáirgí thuasluaite, agus, go tábhachtach, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994. Faoi Airteagal II:1(b), an chéad abairt, ní cheadaítear don Aontas, in éagmais eisceacht infheidhme, gnáthdhleachtanna custaim a fhorchur ar an táirge lena mbaineann de bhreis ar na cinn a leagtar amach agus a fhoráiltear sa chuid ábhartha de Sceideal Lamháltas agus Ceangaltas an Aontais, i.e. an ráta a luaitear thuas i gcás gach ceann de na línte taraife a chumhdaítear. Thairis sin, bhí taraif allmhairiúcháin an Aontais a cuireadh i bhfeidhm ar an táirge lena mbaineann, ar a dtugtar taraifí an náisiúin barrfhabhair freisin, tráth an imscrúdaithe, ar na huasleibhéil a cheadaítear faoi na gealltanais taraife a léirítear thuas.

(40) Bhí an táirge lena mbaineann á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe mar thoradh ar na hoibleagáidí thuas a gabhadh de láimh faoi CGTT 1994 (Airteagal XI:1, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994), toisc gur tháinig feabhas ar na hoibleagáidí sin, in éineacht leis na lamháltais taraife a rinne an tAontas Eorpach sna babhtaí comhleanúnacha de chaibidlíocht iltaobhach trádála, agus gur dhaingnigh siad na coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais Eorpaigh. Mar thoradh ar ghealltanais taraife thuasluaite an Aontais Eorpaigh, tháinig méadú ar allmhairí agus níor tugadh aon deis don Aontas Eorpach gnáthdhleachtanna custaim a mhéadú in ionad beart coimirce a thabhairt isteach. Mínítear leis sin ag an am céanna an chaoi ar tháinig méadú ar allmhairí is cúis le mórdhíobháil mar thoradh ar na hoibleagáidí atá i gceist.

(41) Na hoibleagáidí CGTT a sonraíodh, chuir siad cosc ar an Aontas an tráth céanna na dleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge atá i gceist a mhéadú. Dá bhrí sin, ba iad sin 'oibleagáidí an Aontais Eorpaigh faoi CGTT 1994 a chuir srian ar a chumas díobháil ó mhéadú ar allmhairí a chosc nó a leigheas'. I gcomhthráth, chuir an tAontas Eorpach na hoibleagáidí sin ar fionraí mar gheall ar a bheart coimirce.

7. **MÓRDHÍOBHÁIL**

7.1. **Staid tháirgeoirí an Aontais**

(42) Chun a réamhchinneadh a leagan amach i dtaobh an bhfuil fianaise ann go ndearnadh mórdhíobháil do tháirgeoirí an táirge lena mbaineann san Aontas, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán 2015/478 agus le hAirteagal 6 de Rialachán 2015/755, ar na treochtaí maidir le tomhaltas, táirgeacht, úsáid acmhainneachta, díolacháin, sciartha den mhargadh, praghsanna, brabúsacht, stoic, toradh ar chaipiteal arna úsáid, sreabhadh airgid agus fostaíocht don táirge lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(43) Léiríodh leis na táscairí díobhála go ginearálta go raibh treochtaí diúltacha ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tar éis téarnamh a raibh gealladh faoi in 2022 agus 2023 tar éis phaindéim COVID-19, tharla sleabhcadh mór in 2024, agus feabhas beag ach neamhleor in 2025.

(44) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhthéacs méadú ar thomhaltas, tháinig laghdú 9 % ar an méid táirgeachta, laghdú 4 % ar dhíolacháin, agus tháinig laghdú ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh go 43 % (i gcomparáid le 66 % in 2021). Tháinig laghdú ar an mbrabúsacht ar dhíolacháin intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe ó 8,4 % go 3,6 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(45) Suíodh go raibh sé sin neamh-inbhuanaithe in earnáil atá dian ar chaipiteal. Thairis sin, shuigh an Coimisiún go raibh gá le spriocbhrabús thart ar 15 % chun na hinfheistíochtaí riachtanacha is gá a chumasú chun an cháilíocht is airde a bhaint amach agus a choinneáil ar bun. Bhí an spriocbhrabús sin bunaithe ar rátaí brabúis a bhain táirgeoirí an Aontais amach in 2022 agus 2023 roimh an méadú substaintiúil ar allmhairí.

(46) I bhfianaise an mhéadaithe 32 % ar an éileamh, tháinig méadú 9 % ar acmhainneacht tháirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais. Mar gheall ar an mbrú allmhairiúcháin, áfach, tháinig laghdú ar úsáid acmhainneachta ó 85 % go 71 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus chaill táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais 35 % den sciar den mhargadh.

([13]) Doiciméad EDT, WT/Let/1220.

(47) Ar an iomlán, léirigh staid eacnamaíoch tháirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais (TK agus Stalprodukt) treocht anuas chomhsheasmhach maidir le formhór na dtáscairí díobhála, ach léiríonn staid tháirgeoirí lannán agus croíleacán cruach an Aontais gnéithe níos éagsúla, ag brath ar a samhail ghnó, go háirithe cé acu a fuair nó nach bhfuair siad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó tháirgeoirí an Aontais nó ó thríú tíortha den chuid is mó. Suíodh go raibh cuid acu neamhbhrabúsach, ach rinne cuid eile brabús. Ar an iomlán, shuigh an Coimisiún gur bhain níos mó díobhála do tháirgeoirí lannán agus croíleacán cruach an Aontais a bhí ag brath ar sholáthairtí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó tháirgeoirí de chuid an Aontais ná na táirgeoirí a bhí ag brath go páirteach ar a laghad ar allmhairí ar phraghas saor, go háirithe ón tSín.

(48) Nuair a bhreathnaítear ar an staid fhoriomlán, tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais, ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais agus ar an sciar comhfhreagrach den mhargadh mar a leanas:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin, praghsanna díolachán intíre le custaiméirí neamhghaolmhara agus sladghearradh praghais

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Praghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach (EUR/tona)	2 169	3 379	3 863	2 826	2 746
innéacs 2021 = 100	*100*	*156*	*178*	*130*	*127*
Praghas díola intíre an Aontais maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach (EUR/tona)	2 270	3 529	3 529	2 826	2 896
innéacs 2021 = 100	*100*	*155*	*155*	*124*	*128*
Sladghearradh praghais na dtáirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach	4,5 %	4,3 %	- 9,5 %	0,0 %	5,2 %
innéacs 2021 = 100	*100*	*96*	*- 212*	*0*	*116*

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Praghsanna allmhairiúcháin táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní (EUR/tona)	1 904	3 046	3 448	2 432	2 405
innéacs 2021 = 100	*100*	*160*	*181*	*128*	*126*
Praghas díola intíre an Aontais maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní (EUR/tona)	2 062	3 441	3 325	2 579	2 803
innéacs 2021 = 100	*100*	*167*	*161*	*125*	*136*
Sladghearradh praghais na dtáirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7,7 %	11,5 %	- 3,7 %	5,7 %	14,2 %
innéacs 2021 = 100	*100*	*150*	*- 48*	*74*	*185*

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Praghsanna allmhairiúcháin Croíleacán (EUR/tona)	2 879	4 270	4 934	4 038	3 796
innéacs 2021 = 100	*100*	*148*	*171*	*140*	*132*
Praghas díola intíre an Aontais maidir le croíleacáin (EUR/tona)	3 568	4 684	4 980	4 235	4 186
innéacs 2021 = 100	*100*	*131*	*140*	*119*	*117*
Sladghearradh praghais na gcroíleacán	19,3 %	8,8 %	0,9 %	4,6 %	9,3 %
innéacs 2021 = 100	*100*	*46*	*5*	*24*	*48*

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(49) Tá táirgeoirí de chuid an Aontais ag díol táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de ghráid níos ísle den chuid is mó, agus tá gráid níos airde i gceist le hallmhairí den chuid is mó. I bhfianaise an mheascáin éagsúil táirgí a bhaineann le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a dhíoltar ar bhonn intíre agus iad sin a allmhairítear, tá aon ríomh sladghearrtha praghais atá bunaithe ar mheáin coimeádach agus tá maolaisnéis ann fiú. Rinneadh anailís shladghearrtha ar leith maidir le croíleacáin, ina rabhthas in ann praghsanna croíleacán an Aontais a shainaithint bunaithe ar fhreagraí ceistneora, agus a bpraghsanna allmhairiúcháin a eachtarshuí le cruinneas níos airde. Leis na sonraí a bhí ar fáil, níorbh fhéidir ríomh fóinteach a dhéanamh ar shladghearradh lannán,

(50) I gcás táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach, bhí an sladghearradh ann in 2021 agus 2022. In 2023 bhí praghsanna an mhargaidh dhomhanda ar buaicphointe agus bhí praghsanna allmhairiúcháin níos airde ar an meán ná praghsanna díola intíre. In 2024 tháinig laghdú ar na praghsanna allmhairiúcháin, agus bhí sladghearradh praghsanna ann arís. In 2025, bhí sladghearradh praghais ag 5,2 % maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach ar leibhéal comhiomlán, agus 14,2 % maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus 9,3 % maidir le croíleacáin.

Tábla 5

Tomhaltas, díolacháin intíre le custaiméirí neamhghaolmhara agus sciar den mhargadh intíre

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Tomhaltas i dtonaí	397 698	450 172	435 769	480 947	525 088
innéacs 2021 = 100	*100*	*113*	*110*	*121*	*132*
Díolacháin intíre le custaiméirí neamhghaolmhara i dtonaí	262 558	269 301	254 008	257 368	228 009
innéacs 2021 = 100	*100*	*103*	*97*	*98*	*87*
Sciar den mhargadh intíre	66 %	60 %	58 %	54 %	43 %

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(51) Tháinig méadú seasta ar thomhaltas le linn na tréimhse faoi bhreathnú gan ach laghdú beag ó 2022 go 2023. Ar an iomlán, tháinig méadú 32 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí díolacháin intíre le custaiméirí neamhchomhlachaithe thart ar luach 2021 ar dtús ach tháinig laghdú 13 % orthu in 2025 i gcomparáid le 2021. Mar thoradh ar an méadú ar thomhaltas agus an laghdú ar dhíolacháin intíre, tá caillteanas mór ar an sciar den mhargadh intíre ó 66 % go 43 %.

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Táirgeadh i dtonaí	336 555	363 039	332 378	336 553	306 539
innéacs 2021 = 100	*100*	*108*	*99*	*100*	*91*
Acmhainneacht táirgeachta i dtonaí	393 825	408 735	411 135	427 107	430 107
innéacs 2021 = 100	*100*	*104*	*104*	*108*	*109*
Úsáid acmhainneachta	85 %	89 %	81 %	79 %	71 %

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(52) Tháinig méadú 8 % ar an táirgeacht ar dtús le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhill sí ar leibhéil 2021 ansin, agus tháinig laghdú 9 % uirthi ar deireadh in 2025 i gcomparáid le 2021. Bhí an acmhainneacht táirgeachta ag méadú de réir a chéile le himeacht ama chun méadú 9 % a bhaint amach in 2025 i gcomparáid le 2021. Agus treochtaí contrártha a bheith ag an dá tháscaire, tháinig laghdú 14 % ar úsáid acmhainneachta in 2025 i gcomparáid le 2021.

Tábla 7

Díolacháin intíre le custaiméirí neamhghaolmhara, onnmhairí chucu, agus a mbrabúsacht

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Díolacháin le custaiméirí neamhghaolmhara intíre i dtonaí	262 558	269 301	254 008	257 368	228 009
innéacs 2019 = 100	*100*	*103*	*97*	*98*	*87*
Onnmhairí chuig custaiméirí neamhghaolmhara i dtonaí	80 538	94 515	85 858	81 573	100 973
innéacs 2019 = 100	*100*	*117*	*107*	*101*	*125*
Brabúsacht na ndíolachán intíre (% láimhdeachas)	8,4 %	14,5 %	14,1 %	- 2,3 %	3,6 %
Brabúsacht na n-onnmhairí (% láimhdeachas)	8,3 %	16,4 %	14,2 %	- 1,9 %	4,4 %

Foinse: EUROSTAT agus freagraí ar an gceistneoir

(53) Tháinig méadú 6,1 pointe céatadáin ar bhrabúsacht i gcás díolacháin intíre agus 8,1 pointe céatadáin i gcás onnmhairí ó 2021 go 2022 ach tháinig laghdú mór uirthi in 2024. Tháinig feabhas beag air in 2025 ach bhí sé fós ar leibhéil ísle agus neamh-inbhuanaithe.

Tábla 8

Sreabhadh airgid, toradh ar chaipiteal arna úsáid, stoic agus fostaíocht

Bliain	2021	2022	2023	2024	2025
Sreabhadh Airgid (míle EUR)	51 240	166 298	157 549	91 611	108 224
innéacs 2021 = 100	*100*	*325*	*307*	*179*	*211*
Toradh ar chaipiteal arna úsáid (%)	12,2 %	34,5 %	23,7 %	- 2,4 %	5,3 %
Stoic (tonaí)	19 413	24 802	23 530	26 244	16 553
innéacs 2021 = 100	*100*	*128*	*121*	*135*	*85*
Fostaíocht	2 798	2 895	2 973	3 043	3 057
innéacs 2021 = 100	*100*	*103*	*106*	*109*	*109*

Foinse: Freagraí ar an gceistneoir

(54) Tháinig méadú 111 % ar an sreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'éirigh an toradh ar chaipiteal arna úsáid diúltach in 2024 agus tháinig laghdú 6,9 pointe céatadáin air ar an iomlán idir 2021 agus 2025. Tháinig laghdú 15 % ar stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú siméadrach ar an bhfostaíocht agus tháinig méadú 9 % ar an acmhainneacht táirgeachta in 2025 i gcomparáid le 2021.

7.2. **Conclúid**

(55) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go bhfuil mórdhíobháil á déanamh do tháirgeoirí an Aontais mar a léirítear go háirithe le laghdú ar tháirgeadh, díolacháin, caillteanas mór ar sciar den mhargadh, sochtadh mór praghsanna agus brabúsacht atá laghdaithe go substaintiúil.

8. **CÚISÍOCHT**

(56) Scrúdaigh an Coimisiún an raibh na hallmhairí méadaithe ina gcúis le mórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh tosca aitheanta eile díobháil a dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais an tráth céanna chun amhras a chaitheamh ar nasc cúisíoch a bheith ann idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí méadaithe.

8.1. **Allmhairí méadaithe**

(57) Tá réamhchinneadh déanta ag an gCoimisiún go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

(58) Cé gur tháinig méadú 120 % ar allmhairí an táirge lena mbaineann idir 2021 agus 2025, d'fhulaing táirgeoirí an Aontais, go háirithe táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de chuid an Aontais, sa tréimhse chéanna, i gcomhthéacs an mhéadaithe ar thomhaltas, thíos le caillteanas táirgeachta, díolachán agus caillteanas ar sciar mór den mhargadh, rud a d'fhág go raibh leibhéil bhrabúis laghdaitheacha agus neamh-inbhuanaithe ann.

(59) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid go bhfuil nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí agus an mhórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

8.2. **Tosca aitheanta eile**

(60) Chun a áirithiú nach gcuirtear an mhórdhíobháil i leith tosca seachas allmhairí méadaithe, rinne an Coimisiún réamhanailís chun a chinneadh ar chuir tosca eile leis an mórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais agus chun éifeachtaí na dtosca sin a dheighilt agus a idirdhealú ó éifeachtaí na n-allmhairí méadaithe, d'fhonn a shuí roimh ré gurb ann d'fhíorchaidreamh substaintiúil cúise agus éifeachta.

(61) D'áitigh roinnt páirtithe leasmhara go bhfuil táirgeoirí de chuid an Aontais thíos le praghsanna arda fuinnimh laistigh den Aontas seachas le hallmhairí méadaithe. Go deimhin, is iondúil go mbíonn praghsanna fuinnimh níos airde san Aontas ná i réigiúin eile den domhan. Mar sin féin, faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, is féidir le monaróirí a bpraghsanna díola a chur i gcomhréir le méaduithe costais agus, ar an gcaoi sin, brabúis réasúnta a choinneáil. Chuir leibhéal méadaithe na n-allmhairí cosc ar tháirgeoirí an Aontais a bpraghsanna díola a mhéadú go leordhóthanach chun an méadú ar chostais fuinnimh a chumhdach. Dá bhrí sin, ní hé an méadú ar chostais ann féin é, ach, mar gheall ar na hallmhairí méadaithe, ní féidir le táirgeoir an Aontais na méaduithe costais sin ar a bpraghsanna díola a léiriú go cruinn, rud ba chúis le díobháil.

(62) Mhaígh roinnt páirtithe nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a sholáthar go leordhóthanach ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de. Léiríodh san imscrúdú go bhfuil táirgeoirí an Aontais in ann, faoi láthair, thart ar 80 % den éileamh ar tháirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a sholáthar go teoiriciúil, is é sin i ndáil leis na gráid a tháirgtear san Aontas faoi láthair.

(63) Shuigh an Coimisiún, áfach, agus sa mhéid sin d'aontaigh sé leis an maíomh sin, nach raibh táirgeoirí an Aontais in ann an cháilíocht is airde is gá a tháirgeadh chun go bhfreastalódh na claochladáin is fuinneamhéifeachtúla ar an éileamh méadaithe (i.e. iad siúd a bhfuil na caillteanais chroíleacáin is ísle is féidir acu go teicniúil). D'aontaigh táirgeoirí an Aontais leis an maíomh sin freisin. Mar sin féin, níor mhaolaigh an toisc sin an nasc cúisíoch idir méideanna méadaithe allmhairí agus an mhórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais, toisc nár chuir na saincheisteanna cáilíochta sin cosc ar thionscal an Aontais rátaí láidre brabúis a bhaint amach in 2022 agus 2023 (féach tábla 6).

(64) Mhaígh roinnt páirtithe go léiríonn an méadú ar allmhairí éileamh méadaitheach agus normalú an mhargaidh tar éis na paindéime. Thug an Coimisiún dá aire gur cheart go dtairbheodh tionscal an Aontais de na dálaí fabhracha margaidh sin, ach níor tháinig sé sin chun cinn mar gheall ar an méadú ar allmhairí, rud a sháraigh an fás ar thomhaltas.

(65) Rinne an Coimisiún measúnú freisin ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais bunaithe ar shonraí na bhfreagraí a fuarthas ar an gceistneoir. Shuigh an Coimisiún gur mhéadaigh táirgeoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais méideanna onnmhairiúcháin de bheagán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún go sealadach don mhaíomh gur chuir an fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

(66) D'ardaigh roinnt páirtithe freisin gurbh infheistíochtaí móra de chuid tháirgeoirí an Aontais agus an dícharbónú ba chúis leis an díobháil. Mar sin féin, bhí gá leis na hinfheistíochtaí chun leanúint de dhea-cháilíocht an táirge lena mbaineann a sholáthar ar bhonn seasta agus feabhas a chur air é a thuilleadh. Cuireadh cosc ar thionscal an Aontais leis an méadú ar allmhairí agus leis an meath tapa ar a staid eacnamaíoch chun infheistíochtaí níos riachtanaí a dhéanamh chun tuilleadh feabhsuithe cáilíochta a bhaint amach.

(67) Dá dheasca sin, níor shainaithin an Coimisiún aon toisc eile a mhaolódh an nasc cúisíoch idir an méadú ar allmhairí agus an mhórdhíobháil do tháirgeoirí an Aontais.

8.3. **Conclúid**

(68) Ar na cúiseanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go raibh nasc cúisíoch idir an méadú mór ar allmhairí agus an mhórdhíobháil a bhain do thionscal an Aontais. D'fhéadfadh sé gur chuir tosca eile, go háirithe na praghsanna arda fuinnimh, leis an mórdhíobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais, ach níor mhaolaigh na tosca sin an nasc cúisíoch.

9. **LEAS AN AONTAIS**

(69) Scrúdaigh an Coimisiún an mbeadh sé chun leas an Aontais bearta sealadacha a ghlacadh. Bhí an anailís ar leas an Aontais bunaithe ar luacháil ar na leasanna éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna tháirgeoirí an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(70) Tá thart ar 12 tháirgeoir i dtionscal an Aontais, atá suite i mBallstáit éagsúla den Aontas, agus tá níos mó ná 3 000 fostaí fostaithe go díreach aige in 2025 i ndáil leis an táirge lena mbaineann. Dá rachadh sé i léig, bheadh iarmhairtí diúltacha móra aige sin ar na fostaithe agus na réigiúin ina bhfuil na saoráidí táirgeachta suite.

(71) Suíodh go bhfuil mórdhíobháil á déanamh do thionscal an Aontais arb é is cúis léi méadú ar allmhairí. Dá bhrí sin, is léir go bhfuil sé chun leas thionscal an Aontais bearta a fhorchur chun tionscal an Aontais a chosaint ar an méadú mór sin ar allmhairí.

(72) Is ionchur fíor-riachtanach iad táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach i gclaochladáin, ar comhpháirt chriticiúil san eangach iad, agus a bhfuil a n-infhaighteacht agus a n-inacmhainneacht fíor-riachtanach don aistriú fuinnimh agus do shlándáil soláthair na hEorpa. Gan táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach a tháirgeadh san Eoraip in aon chor, bheadh tionscal claochladán an Aontais ag brath go hiomlán ar allmhairí na n-ábhar sin ó thríú tíortha. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 23 phointe céatadáin go 43 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais i dtáirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach, agus lean an sciar den mhargadh a bhí ag allmhaireoirí de bheith ag méadú, go háirithe an sciar sin ón tSín, a d'ardaigh go dtí os cionn 50 % d'iomlán na n-allmhairí.

(73) Agus leochaileachtaí á gcur i dtábhacht ag suaitheadh sa slabhra soláthair domhanda, áirithítear le tionscal inmharthana táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach gur féidir leis an Aontas a aschur tionsclaíoch agus a neamhspleáchas straitéiseach a choinneáil ar bun, fiú le linn éiginnteacht dhomhanda.

(74) Thairis sin, cuidíonn tionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach de chuid an Aontais leis an Aontas a spriocanna aeráide a bhaint amach. Cloíonn tionscal an Aontais le rialacháin chomhshaoil an Aontais, ach d'fhéadfadh sceitheadh carbóin a bheith mar thoradh ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach.

(75) Go ginearálta, lorgaíonn úsáideoirí agus allmhaireoirí an praghas is ísle is féidir. Mar sin féin, is chun a leasa féin é freisin tionscal iomaíoch inmharthana de chuid an Aontais a bheith ann, mar fhoinse iontaofa soláthair.

(76) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nár chomhlíon táirgeoirí an Aontais cainníocht ná cáilíocht éileamh úsáideoirí an Aontais. Thairis sin, ní chomhlíonfadh acmhainneacht iomlán thionscal táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais tomhaltas táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní an Aontais. Thairis sin, ní chomhlíonfadh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní arna dtáirgeadh ag tionscal an Aontais na ceanglais maidir le caillteanas croíleacáin agus torann a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 548/2014 ón gCoimisiún ([14]). Ina dhiaidh sin, ní bheadh tionscal claochladán an Aontais in ann claochladáin a chomhlíonann na ceanglais sin a tháirgeadh. Thairis sin, mhaígh páirtithe go méadófaí le beart praghsanna táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach go mór do thionscal claochladáin iartheachtach an Aontais. I dteannta a chéile, dhéanfadh sé sin dochar d'iomaíochas thionscal claochladán an Aontais agus bheadh méadú ar allmhairí claochladán agus ar spleáchas ar an tSín mar thoradh air. Chuir an Coimisiún san áireamh na hábhair imní maidir le soláthar táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach trí dhleachtanna sonracha a thabhairt isteach ar bhonn íosphraghsanna allmhairiúcháin agus taraifchuótaí, arb é is aidhm dóibh, chomh maith le tionscal an Aontais a chosaint, margadh an Aontais a choinneáil ar oscailt d'allmhairí. Áiritheofar le foirm na mbeart freisin go mbeidh an costas breise, más ann dó, teoranta don íosmhéid docht do tháirgeoirí claochladán, go háirithe dóibh siúd a fhaigheann táirgí ardcháilíochta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní cheana féin ar phraghsanna atá gar do leibhéal na tairsí praghsanna. Ar an meán, idir 10 % agus 30 % atá i gceist le costas táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní i gclaochladán freisin agus ní bheidh sa mhéadú costais ach céatadán beag de sin i bhformhór na gcásanna. Ar an taobh eile, trí bhearta a fhorchur, beidh tionscal an Aontais in ann infheistíocht a dhéanamh d'fhonn táirgeadh táirgí ardcháilíochta áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní a mhéadú.

(77) Thairis sin, maíodh go mbeadh imchéimniú mar thoradh ar bheart maidir le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach. D'fhéadfadh táirgeoirí i dtíortha is onnmhaireoirí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach a phróiseáil a thuilleadh ina gcroíleacáin a ionchorprófaí i gclaochladáin chun dleachtanna a sheachaint.

([14]) Rialachán (AE) ón gCoimisiún Uimh. 548/2014 an 21 Bealtaine 2014 maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le claochladáin chumhachta bheaga, mheánmhéide agus mhóra, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/548/2019-11-14.

(78) Rinne an Coimisiún machnamh ar an maíomh sin agus chinn sé go raibh údar leis na bearta a chur i bhfeidhm freisin maidir le croíleacáin atá ionchorpraithe i gclaochladáin. Dá bhrí sin, beidh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach, lena n-áirítear lannáin agus croíleacáin chruach a ndéantar tuilleadh próiseála orthu ina gclaochladáin, faoi réir na mbeart sealadach a fhorchuirtear faoin Rialachán seo. Tá gá leis an gcuimsiú sin, chun éifeachtacht an bhirt a áirithiú. Ina theannta sin, tá croíleacán i gclaochladán inaitheanta, agus tá na saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna aige agus atá ag croíleacán nach bhfuil ionchorpraithe go fóill i gclaochladán.

(79) Thairis sin, mhaígh roinnt páirtithe go ndéanfadh praghsanna níos airde táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach, ar gheall ar an mbeart, dochar d'earnáil an chlaochladáin, rud a chuirfeadh moill ar leathnú na heangaí agus a mbeadh praghsanna leictreachais níos airde mar thoradh air.

(80) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Níl i bpraghsanna claochladáin ach comhpháirt bheag de na costais iomlána a thabhaítear chun an eangach leictreachais a oibriú. Suíodh gur diomaibhseach an éifeacht a bhí ag méadú ar phraghsanna claochladáin ar an gcostas oibriúcháin eangaí agus ar phraghsanna leictreachais ina dhiaidh sin.

(81) D'áitigh roinnt páirtithe nach chun leasa an Aontais é bearta coimirce a fhorchur toisc go mbeidh praghsanna allmhairiúcháin níos airde fós mar thoradh ar na bearta sin, in éineacht leis an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT'), a thabharfar isteach go luath faoi reachtaíocht an Aontais, rud ar dócha go mbeidh tionchar diúltach aige ar iomaíochas táirgeoirí claochladán.

(82) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin. Déanann táirgeoirí de chuid an Aontais próisis táirgthe a oiriúnú go leanúnach chun reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh arb é is aidhm di astaíochtaí carbóin a laghdú. Tá sé beartaithe le bearta SCCT tionscal an Aontais a choimeád iomaíoch in aghaidh táirgeoirí i dtíortha is onnmhaireoirí, nach gá dóibh faoina reachtaíocht náisiúnta rialacha comhchosúla a chomhlíonadh maidir le hastaíochtaí carbóin a laghdú. Dá nglacfaí leis an argóint, bhainfí an bonn d'iarrachtaí an Aontais astaíochtaí carbóin a laghdú, rud atá go soiléir in aghaidh leas an Aontais.

(83) Ar bhonn na maíomh agus na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go mbainfidh bearta coimirce sna foirmeacha a leagtar amach thíos i Roinn 12.2 an chothromaíocht cheart amach idir leasanna táirgeoirí agus úsáideoirí, ar thaobh amháin lena dtugtar aghaidh ar an mórdhíobháil arb iad allmhairí méadaithe is cúis léi agus, ar an taobh eile, leasanna na dtáirgeoirí claochladán á gcur san áireamh tríd an gcuid de lannáin agus croíleacáin chruach atá ionchorpraithe i gclaochladáin allmhairithe a chur faoi réir beart.

(84) Is dócha go mbeidh an beart ina chatalaíoch freisin do thionscal an Aontais infheistíochtaí a dhéanamh i monaraíocht táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannán agus croíleacán cruach agus méaduithe ina dhiaidh sin ar úsáid acmhainneachta. Trí bhearta a fhorchur, beidh táirgeoirí an Aontais in ann táirgeadh a atosú agus a mhéadú agus a n-iomaíochas a bhaint amach arís. Mar thoradh air sin, beidh tionscal an Aontais níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san fhadtéarma.

(85) Ar bhonn na mbreithnithe thuas, agus scrúdú cúramach ar na leasanna éagsúla, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach go bhfuil sé chun leas an Aontais bearta coimirce a ghlacadh i bhfoirm dleachtanna sonracha, bunaithe ar an difríocht idir tairseach phraghais bhunaithe agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír in aghaidh an ghráid cáilíochta táirge. Is mó na héifeachtaí dearfacha ar thionscal an Aontais ná na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith roimh an tionscal claochladán. Leis an mbeart cothrom sin, cheadófaí allmhairí isteach san Aontas, go háirithe de ghráid ardcháilíochta, rud a ráthódh go leanfadh an soláthar eachtrach d'éileamh iartheachtach an tionscail a shásamh, agus leibhéil praghsanna inbhuanaithe á n-áirithiú do thionscal an Aontais ag an am céanna.

(86) Tá tábhacht straitéiseach ag baint le táirgeoirí an táirge lena mbaineann de chuid an Aontas do shlándáil eacnamaíoch agus athléimneacht fhadtéarmach an Aontais, agus níl sé d'acmhainn ag an Aontas an tionscal sin a chailleadh. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go bhfuil an beart coimirce chun leas an Aontais.

10. **IMTHOSCA CRITICIÚLA**

(87) I gcomhréir le hAirteagal 7, mír 1, litir a) de Rialachán (AE) 2015/478, scrúdaigh an Coimisiún an raibh imthosca criticiúla ann i gcás ina ndéanfadh moill dochar ba dheacair a leigheas. Go háirithe, scrúdaíodh staid reatha tháirgeoirí an Aontais agus an dócha go dtiocfaidh méadú breise ar allmhairí amach anseo.

(88) Bhí táirgeoirí an Aontais i staid dheacair cheana féin, mar a réasúnaíodh i Roinn 7 den Rialachán seo. Go háirithe, chaill táirgeoirí de chuid an Aontais sciartha móra den mhargadh i margadh a bhí ag fás seachas sin. Thairis sin, scoir táirgeoir amháin de chuid an Aontais den táirgeadh go sealadach i gceann dá ghléasraí mar gheall ar an staid eacnamaíoch neamh-inbhuanaithe.

(89) Thairis sin, mar a mhínítear thuas i Roinn 5, measadh gur mó ná 842 000 tona méid na ró-acmhainneachta domhanda atá ann cheana (gan an acmhainneacht bhreise bheartaithe a áireamh), is é sin níos mó ná dhá oiread thomhaltas an Aontais sa tréimhse chéanna. I bhfianaise na ró-acmhainneachta an-mhór, a sháraíonn aon éileamh féideartha lena n-áirítear an fás réamh-mheasta ar éileamh i dtíortha is onnmhaireoirí, déanfar iarracht leis an rótháirgeadh asraonta a aimsiú i dtíortha allmhairiúcháin, lena n-áirítear an-dóchúil go mbeidh an tAontas, murab ionann agus go leor margaí eile, fós ina mhargadh oscailte.

(90) Mar gheall ar bhearta cosanta trádála in go leor tríú tíortha (féach aithris (32)) agus taraifí na Stát Aontaithe a forchuireadh (féach aithris (32)), beidh margadh an Aontais fós ina cheann scríbe onnmhairiúcháin tarraingteach mar a shoiléirítear i Roinn 5. I bhfianaise staid dheacair tháirgeoirí an Aontais cheana féin, ní bheadh aon mhéadú breise ar allmhairí inbhuanaithe.

(91) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go bhfuil imthosca criticiúla ann, mar gheall ar an mórdhíobháil atá á déanamh do tháirgeoirí an Aontais agus mar gheall ar an mbaol go dtiocfaidh méadú breise ar allmhairí. Dhéanfadh aon mhoill ar ghlacadh na mbeart coimirce sealadach dochar ba dheacair a leigheas. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart bearta coimirce sealadacha a ghlacadh gan mhoill.

11. TÍORTHA ÁIRITHE A EISIAMH Ó RAON FEIDHME NA mBEART SEALADACH

(92) Tar éis an tionscnaimh, mhaígh an Cholóim, Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille, an Íoslainn, Meicsiceo, an Úcráin, an Eilvéis, an Téaváin agus an Téalainn gur cheart iad a dhíolmhú ó raon feidhme na mbeart, i bhfianaise a stádais mar thír i mbéal forbartha, nó i bhfianaise a méideanna diomaibhseacha onnmhairí den táirge lena mbaineann chuig an Aontas, nó i ndáil le comhaontú trádála déthaobhach atá i bhfeidhm idir iad agus an tAontas.

(93) D'iarr roinnt páirtithe an tSeapáin agus an Chóiré a dhíolmhú ó raon feidhme na mbeart toisc go n-onnmhairíonn na tíortha sin cineálacha táirgí ardcháilíochta nach dtáirgtear san Aontas agus, dá bhrí sin, nach bhfuil in iomaíocht le cineálacha táirgí a tháirgeann táirgeoirí an Aontais.

(94) I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2015/478, agus le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta sealadacha maidir le haon táirge de thionscnamh comhalta EDT ar tír i mbéal forbartha é, nó de thionscnamh na hAilgéire ([15]) fad nach mó ná 3 % sciar allmhairí an táirge sin isteach san Aontas, ar choinníoll nach mó ná 9 % d'allmhairí iomlána an Aontais den táirge lena mbaineann iad na comhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad a bhfuil sciar allmhairiúcháin níos lú ná 3 % acu, i dteannta a chéile.

(95) Liostaítear in Iarscríbhinn III.1 na tíortha uile i mbéal forbartha ar comhaltaí EDT iad agus atá i dteideal díolúintí ón mbeart coimirce dá bhrí sin.

(96) Léiríonn an réamhchinneadh a rinne an Coimisiún nach gcomhlíonfadh allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh Chomhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad na ceanglais chun tairbhe a bhaint as an mhaolú thuasluaite, má mheastar allmhairí ó na tíortha sin maidir leis an táirge lena mbaineann ina iomláine. I gcodarsnacht leis sin, má mheastar allmhairí ó na tíortha sin in aghaidh an chineáil táirge, cé is moite de chineál táirge amháin, téann an maolú chun tairbhe do go leor Comhaltaí EDT ar tíortha i mbéal forbartha iad. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo, measann an Coimisiún gurb iomchuí ag an gcéim seo an méid allmhairí ó thíortha i mbéal forbartha a ríomh bunaithe ar gach cineál táirge. Bunaítear an méadú taraife in aghaidh an chineáil táirge freisin, i bhfianaise na n-éagsúlachtaí móra i leibhéil praghsanna. Sonraítear in Iarscríbhinn III.2 (*Liosta de na cineálacha táirgí de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta sealadacha maidir leo*) na tíortha i mbéal forbartha atá faoi réir bearta coimirce sealadacha.

([15]) 2005/690/CE: Cinneadh ón gComhairle an 18 Iúil 2005 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile, IO L 265, 10.10.2005, lch. 1–1 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/690/oj.

(97) Ina theannta sin, mar a mhínítear freisin i Roinn 4, bunaithe ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ceanglaítear allmhairí ón Úcráin a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na mbeart coimirce. Ghlac an Coimisiún Rialachán (AE) 2025/1153 ([16]) lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann siad le hallmhairí ón Úcráin. I gcomhréir leis an rialachán sin, agus i gcomhréir leis an gceanglas maidir le comhthreomhaireacht, eisiadh allmhairí ón Úcráin ó raon feidhme an imscrúdaithe coimirce seo ([17]).

12. CONCLÚIDÍ AGUS GLACADH AN BHIRT SHEALADAIGH

12.1. Beart sealadach a ghlacadh

(98) Thángthas ar an réamhchonclúid go bhfuil mórdhíobháil á déanamh do tháirgeoirí an Aontais. I bhfianaise na n-imthosca criticiúla, meastar gur cheart beart coimirce sealadach a dhéanamh chun tuilleadh dochair do thionscal an Aontais a chosc, dochar ba dheacair a leigheas sula dtabharfaí an t-imscrúdú reatha chun críche.

12.2. Foirm, leibhéal agus fad an bhirt shealadaigh

(99) Agus cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le foirm an bhirt is iomchuí, mheas sé roinnt gnéithe. Ar an gcéad dul síos, mheas an Coimisiún cad is iomchuí chun an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais a leigheas. I ndáil leis sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach, arb é atá ann costais na n-earraí a díoladh ar cuireadh spriocbhrabús 15 % leo. Suíodh go raibh gá leis an spriocbhrabús sin chun go mbeifí in ann na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh chun táirgí den cháilíocht is airde a tháirgeadh, de réir mar a éilíonn an margadh níos mó agus níos mó iad.

(100) Ar an dara dul síos, chuir an Coimisiún san áireamh na bearta frithdhumpála a bhí i bhfeidhm, agus a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu, in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní ó chúig thír ([18]), inar suíodh gurbh iomchuí dleacht shonrach i ndáil leis an difríocht idir tairseach praghsanna bhunaithe agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír, go príomha i bhfianaise riachtanas na n-úsáideoirí, i.e. an tionscal claochladán, chun bheith in ann leanúint de tháirgí ardcháilíochta a allmhairiú ar phraghsanna nach mbeadh méadú míchuí ar chostais do na táirgeoirí claochladán mar thoradh orthu. Go deimhin, ó forchuireadh na bearta in 2015, rinneadh allmhairí ón tSeapáin agus ón gCóiré Theas go háirithe, ar táirgí ardcháilíochta iad den chuid is mó, ar phraghsanna os cionn leibhéil na n-íosphraghsanna allmhairiúcháin, rud a d'fhág nár íocadh aon dleacht ar chor ar bith. An tráth céanna, leis na bearta a bhí i bhfeidhm rinneadh foráil maidir le leibhéal bunúsach cosanta do thionscal an Aontais in aghaidh allmhairí a rinneadh ar phraghsanna díobhálacha ísle. Ós rud é gur socraíodh na dleachtanna sonracha a bhaineann le híosphraghsanna allmhairiúcháin níos mó ná 10 mbliana ó shin, tá siad sin as dáta faoi láthair toisc go bhfuil na leibhéil ró-íseal agus, dá bhrí sin, ní thugann siad aon chosaint éifeachtach do thionscal an Aontais a thuilleadh.

(101) Ar an tríú dul síos, bhí an Coimisiún á threorú ag cleachtas a bhí ann roimhe seo in imscrúduithe coimirce agus ag oibleagáidí idirnáisiúnta lenar sonraíodh gur cheart sreafaí trádála traidisiúnta a urramú a mhéid nach gcuireann siad leis an mórdhíobháil a suíodh. I ndáil leis sin, mheas an Coimisiún freisin gur cheart uasteorainn a chur le méadú díréireach ard ar allmhairí, rud a bunaíodh i gcás allmhairí ón tSín, ag an meánráta méadaithe idir 2021 agus 2023 (43 %) agus gur cheart é a chur i bhfeidhm ar an méadú ar allmhairí idir 2023 agus 2025, chun méid na dtaraifchuótaí a ríomh maidir le hallmhairí ó chomhpháirtithe trádála eile le linn na tréimhse ionadaíche céanna.

(102) Ar an gceathrú dul síos, mhaígh roinnt páirtithe gur cheart don bheart sin an táirge lena mbaineann a chumhdach nuair a ionchorpraítear é i gclaochladáin chun bheith éifeachtúil. D'aontaigh an Coimisiún leis an maíomh sin agus mheas sé gur cheart feidhm a bheith ag na bearta coimirce sealadacha maidir leis an táirge lena mbaineann nuair a ionchorpraítear é i dtáirgí iartheachtacha, i.e. i gclaochladáin. Is é is aidhm don chuimsiú sin laghdú ar allmhairí an táirge lena mbaineann a sheachaint tar éis bearta coimirce sealadacha a fhorchur, rud a spreagfadh méadú ar allmhairí táirgí iartheachtacha díreacha, i.e. claochladáin, rud a laghdódh éifeachtacht an bhirt coimirce go mór. Tá an croíleacán cruach ionchorpraithe sa chlaochladán ach níl sé ionsúite, ionas gur féidir é a shainaithint i gclaochladán.

([16]) Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, IO L, 2025/1153, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj.

([17]) Leis an mbeart seo, tugtar an chóir a thugtar do chomhaltaí EDT freisin do chomhaltaí nach comhaltaí EDT iad.

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1953 ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, na Seapáine, Phoblacht na Cóiré, Chónaidhm na Rúise agus Stát Aontaithe Mheiriceá, IO L 284, 30.10.2015, lgh. 109–139, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1953/oj.

(103) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach gurbh í an bhfoirm is iomchuí den bheart coimirce dleacht shonrach lena léirítear an difríocht idir tairseach praghsanna bhunaithe agus an praghas allmhairiúcháin iarbhír, in éineacht le taraifchuóta in aghaidh an chineáil táirge. Beidh difríocht i gcuóta agus lasmuigh de chuóta idir leibhéal na tairsí praghsanna bunaithe. Leis an mbeart sin, cosnófar tionscal an Aontais ar mhéadú ar allmhairí a dhéantar ar phraghsanna díobhálacha ísle, agus, an tráth céanna, áiritheofar gur féidir leis na táirgeoirí claochladán leanúint den táirge lena mbaineann a allmhairiú, go háirithe na táirgí ardcháilíochta ón tSeapáin agus ón gCóiré Theas. Faoi láthair, déantar na hallmhairí sin cheana féin ar phraghsanna nach bhfuil i bhfad ón tairseach praghsanna mar atá socraithe go sealadach, agus ar phraghsanna níos airde fiú ó am go chéile. Dá bhrí sin, is í foirm an bhirt sin is lú a chuirfidh isteach ar thrádáil agus áiritheofar leis go mbeidh an tionchar ar chostais do na táirgeoirí claochladáin, más ann dó ar chor ar bith, teoranta don íosmhéid docht.

(104) Maidir leis an gcroíleacán a ionchorpraítear i gclaochladáin, shuigh an Coimisiún go mbeadh dleacht shonrach arna sloinneadh in EUR/tona, a chomhfhreagraíonn don difríocht idir tairseach praghsanna bhunaithe le haghaidh croíleacán agus an meánphraghas allmhairiúcháin bunaithe ar shonraí Eurostat le linn na mblianta 2023 agus 2025, ar an dleacht is iomchuí agus is indéanta chun an cuspóir atá beartaithe a bhaint amach.

(105) Shuigh an Coimisiún gur cheart cuóta ar leith le haghaidh táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus lannáin agus croíleacáin chruach a thabhairt isteach. Ba cheart leibhéil na gcuótaí a bheith bunaithe ar an meánleibhéal allmhairí le 3 bliana anuas. Thairis sin, mhaígh páirtithe leasmhara áirithe gur cheart allmhairí faoi CMI a chur san áireamh, gur cheart cuóta ard a leithdháileadh ar an tSeapáin, gur cheart cuótaí a bheith ráithiúil, agus gur cheart córas arna thabhairt anonn a thabhairt isteach le haghaidh na gcuótaí.

(106) Bunaithe ar bhreithnithe a bhaineann le leas an Aontais agus chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as méideanna na dtaraifchuótaí, mheas an Coimisiún gur cheart iad a leithdháileadh, ar thaobh amháin, ar chuótaí tír-shonracha i gcás tíortha a bhfuil leas substaintiúil acu i soláthar an chineáil táirge shonraigh lena mbaineann agus, ar an taobh eile, ar gach tionscnamh eile.

(107) Chun críche an Rialacháin seo, meastar go bhfuil leas mór soláthair ag tíortha a bhfuil sciar níos mó ná 5 % d'allmhairí acu le 3 bliana anuas don chineál táirge lena mbaineann. Ba cheart taraifchuóta iarmharach ('an cuóta iarmharach') bunaithe ar mheán na n-allmhairí atá fágtha le 3 bliana anuas a leithdháileadh ar gach tír soláthair eile. Ba cheart an cuóta iarmharach a líonadh bunaithe ar ord croineolaíoch na ndátaí ar a nglactar le dearbhuithe maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún. Éilíonn an modh riaracháin sin dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún.

(108) Tá incháilitheacht earraí allmhairithe ó thíortha i mbéal forbartha atá le heisiamh ó na taraifchuótaí ag brath ar thionscnamh na n-earraí. Ba cheart, dá bhrí sin, na critéir chun tionscnamh neamhfhabhrach a chinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas a chur i bhfeidhm.

(109) Ba cheart na cóid TARIC a liostaítear in IARSCRÍBHINN II a chruthú.

(110) Ba cheart feidhm a bheith ag na bearta sealadacha go ceann 155 lá féilire (go dtí 26.2.2027) ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Faoi réir Airteagal 4, osclaítear taraif-chuótaí sonracha leis seo i ndáil le hallmhairí táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní agus allmhairí lannán agus croíleacán cruach isteach san Aontas a thagann faoi chóid AC (7225 11 00, 7226 11 00 agus 8504 90 13) ar feadh tréimhse 155 lá féilire ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Tugtar isteach leis seo dleacht choimirce shealadach i ndáil le táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní, atá faoi láthair faoi chóid AC 7225 11 00 agus 7226 11 00, a allmhairiú isteach san Aontas ar feadh tréimhse 155 lá féilire ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Tugtar isteach leis seo dleacht choimirce shealadach i ndáil le hallmhairí lannán agus croíleacán cruach isteach san Aontas, bídís cruachta nó tochraiste nó ná bídís, a thagann faoi chód AC 8504 90 13 faoi láthair, bídís ionchorpraithe i gclaochladáin nó ná bídís, a thagann faoi chóid AC 8504 21 00, 8504 22 10, 8504 22 90, 8504 23 00, 8504 31 21, 8504 31 29, 8504 31 80, 8504 32 00, 8504 33 00 agus 8504 34 00, ar feadh tréimhse 155 lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

4. Na taraifchuótaí uile a dháiltear faoin Rialachán seo, tá siad le riar ar bhonn 'tús freastail ar an gceann is túisce', dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447. Is é méid na dleachta coimirce sealadaí is infheidhme maidir leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 1.2 an difríocht idir an tairseach praghsanna bhunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, más ísle an dleacht sin ná an chéad cheann. Beidh difríocht i gcuóta agus lasmuigh de chuóta idir leibhéal na tairsí praghsanna bunaithe. Ní bhaileofar aon dleacht i gcás ina bhfuil an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais cothrom leis an tairseach praghsanna bhunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó níos airde ná an tairseach sin.

5. Is é méid na dleachta coimirce sealadaí is infheidhme maidir leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 1.3, nuair nach n-ionchorpraítear iad i gclaochladáin, mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3, an difríocht idir an tairseach praghsanna bhunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, más ísle an dleacht sin ná an chéad cheann. Beidh difríocht i gcuóta agus lasmuigh de chuóta idir leibhéal na tairsí praghsanna bunaithe. Ní bhaileofar aon dleacht i gcás ina bhfuil an glanphraghas saor ag teorainn an Aontais cothrom leis an tairseach praghsanna bhunaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó níos airde ná an tairseach sin.

6. Is é EUR 1 140 in aghaidh an tona den táirge a liostaítear in Airteagal 1.3, arna ionchorprú sa chlaochladán, méid na dleachta coimirce sealadaí is infheidhme maidir leis na táirgí a liostaítear in Airteagal 1.3, nuair a ionchorpraítear iad i gclaochladáin, mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3, arna gcur i láthair lena scaoileadh i saorchúrsaíocht san Aontas. Dearbhóidh na hoibreoirí eacnamaíocha an meáchan croíleacáin i gclaochladán i dtonaí. Na táirgí a liostaítear in Airteagal 1.3, nuair a ionchorpraítear iad i gclaochladáin, mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3, níl siad faoi réir cuótaí.

7. Liostaítear na tairseacha praghsanna bunaithe in aghaidh an chineáil táirge in Iarscríbhinn I.

8. Cuirfear cóid TARIC a chruthaítear leis an Rialachán seo in ionad cóid TARIC áirithe a bhunaítear le Rialachán (AE) 2015/1953.

Airteagal 2

1. Cinnfear tionscnamh aon táirge a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm san Aontas maidir le tionscnamh neamhfhabhrach.

2. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm maidir le dleachta custaim.

Airteagal 3

Oibreoidh na Ballstáit agus an Coimisiún i ndlúthchomhar le chéile chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo.

Airteagal 4

I gcás an táirge lena mbaineann, sonraítear le hIarscríbhinn III na tíortha tionscnaimh i mbéal forbartha a bheidh faoi réir na mbeart a leagtar amach in Airteagal 1.

Airteagal 5

Ní bheidh allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na hÍoslainne, Lichtinstéin, na hIorua, na Céinia agus na hÚcráine faoi réir an bhirt a leagtar amach in Airteagal 1.

Airteagal 6

I gcás allmhairí atá faoi réir na ndleachtanna coimirce sealadacha sin agus atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála freisin arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/58 ón gCoimisiún, ní thoibheofar na dleachtanna frithdhumpála ar feadh thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, toisc go bhfuil na dleachtanna sin níos ísle ná na dleachtanna coimirce sealadacha.

Airteagal 7

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 25 Meán Fómhair 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

I.1 **Tairseach praghsanna is infheidhme maidir leis an méadú taraife**

An cineál táirge	Cóid TARIC	Tairseach praghsanna (EUR/tona)	
		Laistigh den Chuóta	Lasmuigh den Chuóta
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11 00 11	3 400	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11 00 12	3 100	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11 00 15	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11 00 19	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11 00 90	3 400	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 12	3 400	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 13	3 100	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 14	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 16	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 19	3 400	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 92	3 400	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 93	3 100	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 94	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 96	2 800	3 500
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7226 11 00 99	3 400	3 500
Lannáin	8504 90 13 10	4 000	4 550
Croíleacáin	8504 90 13 90	5 000	5 600

I.2 **Méideanna na dtaraifchuótaí**

An cineál táirge	Cóid CC agus AC	Leithdháileadh de réir tíre (i gcás inarb infheidhme)	Méid an taraifchuóta (glantonaí) is infheidhme go dtí 26.2.2027	Dleachtráta breise	Uimhreacha ordaithe
Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	7225 11, 7226 11	an tSín	30 693,68	féach Iarscríbhinn I.1	09.0535
		an tSeapáin	23 103,61	féach Iarscríbhinn I.1	09.0536
		Poblacht na Cóiré (An Chóiré Theas)	4 789,93	féach Iarscríbhinn I.1	09.0537
		Tíortha eile	5 360,39	féach Iarscríbhinn I.1	09.0538
Lannáin agus Croíleacáin	8504 90 13	an Tuirc	14 161,55	féach Iarscríbhinn I.1	09.0539
		an tSín	4 241,07	féach Iarscríbhinn I.1	09.0540
		Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	2 704,99	féach Iarscríbhinn I.1	09.0541
		Tíortha eile	2 694,36	féach Iarscríbhinn I.1	09.0542

IARSCRÍBHINN II

Cóid TARIC	Tuairisc
7225 11 00 11	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin nach mó ná 0,7 W/kg é
7225 11 00 12	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin atá níos mó ná 0,7 W/kg ach nach mó ná 0,9W/kg é
7226 11 00 12	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin nach mó ná 0,7 W/kg é
7226 11 00 13	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin atá níos mó ná 0,7 W/kg ach nach mó ná 0,9W/kg é
7226 11 00 92	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin nach mó ná 0,7 W/kg é
7226 11 00 93	Lena mbaineann uasmhéid caillteanais croíleacáin atá níos mó ná 0,7 W/kg ach nach mó ná 0,9W/kg é
8504 90 13 10	Lannáin chruach le haghaidh claochladán agus ionduchtóirí
8504 90 13 90	Croíleacáin chruach le haghaidh claochladán agus ionduchtóirí

IARSCRÍBHINN III

III.1 — Liosta de thíortha i mbéal forbartha, de chomhaltaí EDT, agus an Ailgéir

An Afganastáin, an Albáin, an Ailgéir, Angóla, Antigua agus Barbúda, an Airgintín, an Airméin, Bairéin, an Bhanglaidéis, Barbadós, an Bheilís, Beinin, an Bholaiv, an Bhotsuáin, an Bhrasaíl, Brúiné Darasalám, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Cabo Verde, an Chambóid, Camarún, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, an tSile, an tSín, an Cholóim, an Congó, Cósta Ríce, an Cósta Eabhair, Cúba, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, Doiminice, an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an Éigipt, an tSalvadóir, Eswatini, Fidsí, an Ghabúin, an Ghaimbia, an tSeoirsia, Gána, Greanáda, Guatamala, an Ghuine, Guine Bissau, an Ghuáin, Háití, Hondúras, Hong Cong, an India, an Indinéis, Iamáice, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chéinia, Cuáit, Poblacht na Cirgise, Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos, Leosóta, an Libéir, Macao, Madagascar, an Mhaláiv, an Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve, Mailí, an Mháratáin, Oileán Mhuirís, Meicsiceo, an Mholdóiv, an Mhongóil, Montainéagró, Maracó, Mósaimbíc, Maenmar, an Namaib, Neipeal, Nicearagua, an Nígir, an Nigéir, an Mhacadóin Thuaidh, Óman, an Phacastáin, Panama, Nua-Ghuine Phapua, Paragua, Peiriú, na hOileáin Fhilipíneacha, Catar, Ruanda, San Críostóir-Nimheas, Saint Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Samó, an Araib Shádach, an tSeineagáil, na Séiséil, Siarra Leon, Oileáin Sholomón, an Afraic Theas, Srí Lanca, Suranam, an Táidsíceastáin, an Tansáin, an Téalainn, Tóga, Tonga, Oileán na Tríonóide agus Tobága, an Túinéis, an Tuirc, Uganda, an Úcráin, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Uragua, Vanuatú, Veiniséala, Vítneam, Éimin, an tSaimbia, an tSiombáib.

III.2 — Liosta de chineálacha táirgí de thionscnamh tíortha i mbéal forbartha a bhfuil feidhm ag na bearta cinntitheacha maidir leo

Tír / Cineál táirge	Táirgí áirithe cothrom-rollta de chruach shileacain-leictreach dírithe ar ghráinní	Lannáin agus Croíleacáin
an tSín	X	X
an Bhrasaíl	X	
an Tuirc		X
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha		X